

Tá an dinnéar réidh!

Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí

An itheann tú ... ? Ithim ... / Ní ithim ...

An ólann tú ... ? Ólaim ... / Ní ólaim ...

Is maith liom / leat / leis / léi ...

Tá an ... réidh. Tá an bord leagtha. Suíge chun boird.

An dtaitníonn ... leat? Taitníonn ... liom. / Ní thaitníonn ... liom.

Tá súil agam go bhfuil ...



2.1 Éist leis agus léigh an scéal.

‘Féach ar na cnaipí atá ar a thaobh,’ arsa Pól.

‘Má bhrúim an cnaipe seo is féidir taisteal in am.’



Bhrúigh Pól an cnaipe agus d’imigh Rícó as radharc.

‘Ní chreidim é,’ arsa Dara.

Díreach ansin cloiseann siad máthair Phóil ag glaach orthu.

‘Tá an dinnear réidh. Brostaíge oraibh,’ a ghlaonn Mamaí.

‘Tá súil agam go bhfuil sicín agus sceallóga againn. Ach níl ocras orm. Tá mé buartha faoi Rícó. Tá sé cailte in am. Bhrúigh mé cnaipí ar mo ríomhaire agus thit sé ón spéir,’ arsa Pól.



Téann siad isteach sa chistin. Tá an bord leagtha.

Tá glocíní, sceana agus foirc ar an mbord.

‘Suíge chun boird,’ arsa Mamaí.

‘Cad atá ann don dinnéar?’ arsa Pól.

‘An bhfuil bágún, cabáiste agus prátaí ann?’ arsa Daidí.

‘Tá súil agam nach bhfuil. Ní thaitníonn siad liom,’ arsa Pól.

‘Spaigití Bolognese agus arán gairleoige atá ann. Don mhilseog tá sútha talún agus uachtar reoite. Tá sailéad ar an mbord freisin. Tá leitís, cairéid, oinniúin, uibheacha agus trátaí ann,’ a d’fhreagair Mamaí.

‘Go raibh maith agat. Is maith liom spaigití,’ arsa Dara. Ach tá díomá ar Phóil.

‘Níl ocras orm anois. Íosfaidh mé níos déanaí,’ arsa Pól.

‘Ach, a Phóil, beidh ocras ort tar éis tamaill,’ arsa Mamaí.



Líon na bearnaí.

- 1 Chuir mé mo _____ (carbhat) orm.
- 2 Chaill Róise a _____. (muince)
- 3 Bhain Dara a _____ de. (buataisí)
- 4 Chaith Mamaí a _____. (fáinní cluaise)
- 5 Chuir Pól agus Rónán a _____ orthu. (uaireadóirí)
- 6 Cá bhfuil bhur _____? (bróga reatha)
- 7 An gcaitheann tú do _____ gach lá? (crios)
- 8 Caithimid ár _____ gach lá. (caipíní)

Graiméar: Réamhfocal 'de'

díom (mé) díot (tú) de (sé) di (sí) dinn (sinn) díbh (sibh) díobh (siad)



Bain díot é. Glac páirt sa dráma seo. Líon na bearnaí agus cuir de ghlanmheabhair é.

- Pól** Tagaigí isteach agus bainigí na héadaí fliucha sin _____. (sibh)
- Dara** Bainfidh mé mo chóta _____ ar dtús. (mé) Tá mé fliuch go craiceann.
- Róise** A Dhara, bain _____ do bhuataisí freisin. (tú)
- Dara** Ba chóir dúinn beirt na stocaí a bhaint _____. (sinn)
- Pól** Ar bhain tú an cóta _____ Tharbh, a Dhara? Tá sé fliuch báite.
- Dara** Bhain mé an cóta _____. (sé)
- Pól** Bhí Mamaí agus Daidí amuigh ag siúl freisin. Nuair a bhain Mamaí a cóta _____ bhí a cuid éadaí tirim. (sí) Tá cóta báistí iontach aici. Ach bhí orthu a gcuid buataisí a bhaint _____. (siad)
- Róise** Cuirfidh mé na buataisí, na stocaí agus na cótaí in aice leis an radaitheoir. Beidh siad tirim i gceann tamaill.

Labhair Linn: Cá bhfuil siad?

Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí

Tá ... ar an ...

Tá ... ag an ...

Tá ... faoin ...

Tá ... os comhair ...

Tá ... taobh thiar den ...

Tá ... os cionn ...



Labhair le do chara.

Cá bhfuil an t-arán agus an tsubh sa tseanchistin?

Cá bhfuil an cat?

Cá bhfuil an cóta?

Cá bhfuil an citeal?

Cá bhfuil na héadaí?

Cá bhfuil na bláthanna?



Tasc: Críochnaigh na habairtí i do chóipleabhar.

Tá _____ ar an _____. Tá _____ ag an _____. Tá _____ faoin _____.